# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2022

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*Coimisiún na Scrúduithe Stáit*

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022




# *Grafaic Dheartha agus Chumarsáide*

## Gnáthleibhéal

# Scéim Marcála

**Nóta**: Tá gach réiteach bailí eile inghlactha agus marcáiltear iad dá réir.

## Ceist A-1

**MARCANNA**

**Peirspictíocht (18)**

(i) Línte a ghathú chuig na pointí téaltaithe cearta (3 líne)......................**3**

(ii) Imlíne an bhuncair a chur i gcrích.....................................................**6**

(iii) Teilgin ón mbonnchló nó línte radaithe.............................................**2**

(iv) Líne a ghathú chuig an bpointe téaltaithe ceart le haghaidh roinnt an bhuncair .....................................................................................**1**

(v) Roinnt an bhuncair a chur i gcrích ....................................................**6**

(vi) ***Cur i láthair ........................................................................... 2***

***Iomlán = 20***

## Ceist A-2

**MARCANNA**

**(a) Pointí ar thaobh na láimhe clé (11)**

(i) Roinnt líne AB a chríochnú ..............................................................**4**

(ii) Roinnt líne BV a chríochnú .............................................................**3**

(iii) Línte tógála (2 ghrúpa) ....................................................................**2**

(iv) An chuid eile de na pointí ar TLC a shainaithint .................................**2**

**(b) Pointí ar thaobh na láimhe deise (3)**

(v) Na pointí ar chuar TLD a aimsiú .......................................................**3**

**(c) An cuar parabóileach (4)**

(vi) An cuar ar TLC a chríochnú ..............................................................**2**

(vii) An cuar ar TLD tharraingt ...............................................................**2**

(viii) ***Cur i láthair ........................................................................... 2***

***Iomlán = 20***

## Ceist A-3

**MARCANNA**

**(a) Bonnchló sféar C *(15)***

(i) Na tógálacha san ingearchló ..........................................................**4**

(ii) Teilgin chuig an mbonnchló ..........................................................**2**

(iii) An lárphointe a aimsiú sa bhonnchló ..............................................**3**

(iv) Sféar C a tharraingt ..................................................................... ...**6**

**(b) Bonnchló agus mionsonra folaithe a chríochnú (3)**

(v) Cón A a chríochnú ..........................................................................**2**

(vi) Mionsonra folaithe .......................................................................... **1**

(vii) ***Cur i láthair ..........................................................................  2***

***Iomlán = 20***

## Ceist A-4

**MARCANNA**

**(a) Ingearchló (8)**

(i) Teilgin ón mbonnchló ......................................................................**2**

(ii) An t-ingearchló a chríochnú ............................................................**6**

**(b) Taobhchló (10)**

(iii) Teilgin ón mbonnchló ......................................................................**3**

(iv) Pointí cearta a shonrú ...................................................................... **2**

(v) An taobhchló a chríochnú.... (Mionsonra Folaithe san áireamh) ........ **5**

**(vi)** ***Cur i láthair ..........................................................................  2***

***Iomlán = 20***

## Ceist B-1

**MARCANNA**

**(a) Bunú tosaigh (7)**

(i) An triantán comhshleasach a tharraingt ............................................**4**

(ii) Na haiseanna X, Y agus Z a tharraingt ..............................................**3**

**(b) Bonnchló agus Ingearchló (13)**

(iii) Teilgin chun an t-ingearchló a bhunú ................................................**3**

(iv) Leathchiorcal san ingearchló ...........................................................**1**

(v) An t-ingearchló a tharraingt sa suíomh ceart ....................................**3**

(vi) Teilgin chun an bonnchló a bhunú....................................................**3**

(vii) Leathchiorcal sa bhonnchló (nó línte 45°°).........................................**1**

(viii) An bonnchló a tharraingt sa suíomh ceart .........................................**2**

**(c) Teilgean Aismhéadrach na himlíne dronuilleogaí (15)**

(ix) Teilgin ón ingearchló ...................................................................**3**

(x) Teilgin ón mbonnchló ...................................................................**2**

(xi) Teilgean aismhéadrach an dromchla thosaigh ....................................**5**

(xii) Teilgean aismhéadrach an dromchla uachtair....................................**2**

(xiii) Teilgean aismhéadrach na ndromchlaí ingearacha deasa ...................**3**

**(d) Teilgean Aismhéadrach den scaradh lárnach leath-chiorclach (20)**

(xiv) Rannáin ar an ingearchló leathchiorclach ..........................................**5**

(xv) Rannáin chomhfhreagracha sa bhonnchló .........................................**5**

(xvi) Teilgin ón ingearchló ...................................................................**2**

(xvii) Teilgin ón mbonnchló ...................................................................**2**

(xviii) Teilgean aismhéadrach de na cuair leathchiorclacha a tharraingt ......**4**

(xix) An teilgean aismhéadrach a chríochnú..............................................**2**

(xx) ***Cur i láthair* ......................................................................... 5**

***Iomlán* = 60**

## Ceist B-2

**MARCANNA**

**(a) Ingearchló agus Bonnchló a thugtar (25)**

(i) An t-ingearchló imlíneach mar a thugtar a tharraing .......................**10**

(ii) An t-ingearchló a chríochnú ..............................................................**4**

(iii) An bonnchló imlíneach mar a thugtar a tharraing ..............................**6**

(iv) An bonnchló a chríochnú mar a thugtar ............................................**5**

***(b)*** **Idirthreá (16)**

***Idirthreá isteach sa rampa***

(v) Teilgean ón ingearchló ......................................................................**1**

(vi) Pointí ar an mbonnchló a aimsiú .......................................................**2**

(vii) An bonnchló a chríochnú ..................................................................**4**

***Gearradh an rampa tosaigh***

(viii) Teilgean ón ingearchló ......................................................................**2**

(ix) Teilgean ón taobhchló .......................................................................**2**

(x) Pointí ar an mbonnchló a aimsiú .......................................................**2**

(xi) An bonnchló a chríochnú ..................................................................**3**

**(c) Taobhchló (14)**

(xii) Luachanna leithid a aistriú ón mbonnchló.........................................**3**

(xiii) Teilgean luachanna airde ón ingearchló ............................................**2**

(xiv) Taobhchló an phríomhleagain amach (sonra ceilte san áireamh).......**5**

(xv) Taobhchló an rampa...........................................................................**4**

(xvi) ***Cur i láthair*** **........................................................................ 5**

***Iomlán = 60***

## Ceist B-3

**MARCANNA**

**(a) Tarraing ingearchló an teachín éan (18)**

(i) Tarraing bonn an teachín éan ........................................................ **6**

(ii) Imlíne an bhairr ........................................................................ **4**

(iii) An t-ingearchló a chríochnú ........................................................ **8**

**(b) Bonnchló (18)**

(iv) Tarraing an bonn ........................................................................ **6**

(v) Imlíne an bhairr ........................................................................ **4**

(vi) An bonnchló a chríochnú ............................................................ **8**

**(c) Ingearchló cúnta (19)**

(vii) $X_1Y_1$ comhthreomhar le bonnchló dhromchla A ................................ **1**

(viii) Teilgin ón mbonnchló ................................................................ **1**

(ix) Luachanna airde a aistriú ón ingearchló ........................................ **4**

(x) Dromchla A a tharraingt ............................................................. **4**

(xi) An t-ingearchló cúnta a chríochnú................................................ **9**

(xii) ***Cur i láthair*** ........................................................................ **5**

***Iomlán*** **= 60**

## Ceist C-1

**MARCANNA**

**(a) Próifíl *(28)***

(i) Airdí a thomhas agus línte cothrománacha a tharraingt ..................**10**

(ii) Teilgin ó phointí trasnaithe idir an líne AB agus comhrianta ..............**8**

(iii) An phróifíl a tharraingt ...................................................................**10**

**(b) Créfort don bhóthar *(27)***

(iv) Línte comhthreomhara ag eatraimh 5m do chlaífort ..........................**4**

(v) Pointí ar chuar an chlaífoirt a shonrú ..................................................**4**

(vi) Cuar an chlaífoirt a tharraingt ...........................................................**5**

(vii) Línte comhthreomhara ag eatraimh 10m do ghearrthacha ...............**4**

(viii) Pointí ar an gcuar gearrtha a shonrú ..................................................**5**

(ix) Cuair ghearrtha a tharraingt...............................................................**5**

(x) ***Cur i láthair*** **........................................................................... 5**

***Iomlán = 60***

## Ceist C-2

**MARCANNA**

**(a) Ingearchló agus Bonnchló *(32)***

(i) Imlíne den dromchla ABCD sa bhonnchló ........................................**8**

(ii) Eilimintí sa bhonnchló (roinnt san áireamh) ......................................**6**

(iii) Imlíne den dromchla san ingearchló.................................................**8**

(iv) Eilimintí san ingearchló (roinnt nó teilgean san áireamh) .................**6**

(v) Ingearchló (cosa ingearacha) a chur i gcrích......................................**4**

**(b) Taobhchló den Pharabólóideach Hipearbólóideach *(23)***

(vi) Na luachanna airde agus leithid don dromchla ABCD a dhéanamh amach ..........................................................................................**8**

(vii) Imlíne den dromchla hipearbólóideach parabólóideach a tharraingt **6**

(viii) Na heilimintí a tharraingt ...............................................................**5**

(ix) Taobhchló (cosa ingearacha) a chur i gcrích......................................**4**

(x) ***Cur i láthair* ....................................................................... 5**

***Iomlán = 60***

## Ceist C-3

**MARCANNA**

**(a) Bonnchló agus Ingearchló *(26)***

(i) Na himill líne dírí san ingearchló a tharraingt....................................**8**

(ii) An lár a dhéanamh amach agus leathchiorcal a tharraingt ................**4**

(iii) An bonnchló imlíneach a tharraingt ...................................................**6**

(iv) An bonnchló a chríochnú ....................................................................**8**

**(b) Taobhchló *(10)***

(v) Airdí agus leithid don taobhchló a cheartú..........................................**4**

(vi) An taobhchló a tharraingt.....................................................................**6**

**(c) Forbairt Dromchla *(19)***

(vii) Forbairt dromchla a leagan amach go cuí ..........................................**1**

(viii) Forbairt an dromchla íochtair...............................................................**4**

(ix) Forbairt an dromchla tosaigh ..............................................................**3**

(x) Forbairt an dromchla cúil......................................................................**3**

(xi) An stua a roinnt ....................................................................................**2**

(xii) Forbairt an dromchla chuartha.............................................................**4**

(xiii) Roinnt an dromchla uachtair ...............................................................**2**

(xiv) ***Cur i láthair* ........................................................................... 5**

***Iomlán = 60***

## Ceist C-4

**MARCANNA**

**(a) Léaráid Díláithriúcháin *(29)***

(i) Roinnt 360$^o$ (luachanna leithid ar an léaráid díláithriúcháin) .............**5**

(ii) Airde 70mm a úsáid i gceart ..............................................................**1**

(iii) Ionad an leantóra ag 0$^o$, 90$^o$, 120$^o$, 180$^o$ agus 360$^o$ a aimsiú **........... 7**

(iv) 0$^o$ go 90$^o$, Ardú 70mm ar Threoluas Aonfhoirmeach ..........................**3**

(v) 90$^o$ go 120$^o$, Fosadh ......................................................................**3**

(vi) 120$^o$ go 180$^o$, Titim 20mm ar Threoluas Aonfhoirmeach ....................**3**

(vii) 180$^o$ go 360$^o$, Titim 50mm de Ghluaisne Armónach Shimplí...............**3**

(viii) Léaráid Díláithriúcháin a chríochnú ...................................................**4**

**(b) Héilics (*26*)**

(ix) Ciorcal a tharraingt sa bhonnchló......................................................**4**

(x) An t-ingearchló imlíneach a tharraingt ...............................................**4**

(xi) Roinnt sa bhonnchló .........................................................................**3**

(xii) Rannta cothrománacha san ingearchló ..............................................**3**

(xiii) Teilgin ó bhonnchló an héilics a chur i gcrích......................................**2**

(xiv) Pointí san ingearchló a aimsiú ..........................................................**6**

(xv) An héilics a tharraingt san ingearchló ...............................................**4**

(xvi) ***Cur i láthair* ........................................................................ 5**

***Iomlán = 60***

## Ceist C-5

**MARCANNA**

***Cóimeáil (8)***

(i) Socrú na ngnéithe éagsúla i gcomhréir lena chéile ............................**8**

***Bonn (10)***

(ii) Imlíne an bhoinn ......................................................................**8**

(iii) Mionsonra folaithe ....................................................................**2**

***Príomhchabhail (25)***

(iv) Leithead na heicseagán a aimsiú ...................................................**3**

(v) Imlíne na cabhlach ...................................................................**10**

(vi) Hanla ........................................................................................**7**

(vii) Gob ..........................................................................................**2**

(viii) An chabhail a chríochnú ..............................................................**3**

***Claibín (12)***

(ix) Imlíne an bhuin ..........................................................................**6**

(x) Hanla ........................................................................................**3**


(xi) An claibín a chur i gcrích (mionsonra folaithe san áireamh) ...............**3**

(xii) ***Cur i láthair ......................................................................... 5***

***Iomlán = 60***

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*Coimisiún na Scrúduithe Stáit*

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022




# *Grafaic Dheartha agus Chumarsáide*

## Gnáthleibhéal


## Réitigh Shamplacha

**Nóta**: Tá gach réiteach bailí eile inghlactha agus marcáiltear iad dá réir.


**Ceist A-1**





**Ceist A-2**





**Ceist A-3**





**Ceist A-4**






| Grafaic Dheartha & Chumarsáide – Gnáthleibhéal | |
|---|---|
| | Scéim Marcála |
| | Ceist B-1 |
| Scála: n/a | Meith. 2022 |




| Grafaic Dheartha & Chumarsáide – Gnáthleibhéal | | |
|---|---|---|
| | Scéim Marcála | |
| | Ceist B-2 | |
| | Scála: n/a | Meith. 2022 |





Grafaic Dheartha & Chumarsáide – Gnáthleibhéal

Scéim Marcála

Ceist B-3

Scála: n/a

Meith. 2022





Grafaic Dheartha & Chumarsáide – Gnáthleibhéal


Scéim Marcála


Ceist C-1

Scála: n/a | Meith. 2022






| Grafaic Dheartha & Chumarsáide – Gnáthleibhéal | |
|---|---|
| | Scéim Marcála |
| | Ceist C-2 |
| Scála: n/a | Meith. 2022 |



| Grafaic Dheartha & Chumarsáide – Gnáthleibhéal | | |
|---|---|---|
| | Scéim Marcála | |
| | Ceist C-3 | |
| | Scála: n/a | Meith. 2022 |




Grafaic Dheartha & Chumarsáide – Gnáthleibhéal


Scéim Marcála

Ceist C-4

Scála: n/a

Meith. 2022

| Grafaic Dheartha & Chumarsáide – Gnáthleibhéal | | |
|---|---|---|
| | Scéim Marcála | |
| | Ceist C-5 | |
| | Scála: n/a | Meith. 2022 |



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

*Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

# Tasc an Scoláire – Gnáthleibhéal

## Bileog Mheasúnachta 2022

**Scrúduimhir an Iarrthóra** [ ]

| Aschur | Critéir Mharcála | | | | Marcanna |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | **Comparáid idir Taighde Dearaidh & Gnéithe Dearaidh** | | | | |
| | Coimriú agus cur i láthair na ndéantán atá ann cheana féin i bhformáid grafaice a fhiosrú. 2 íomhá a roghnú agus na príomhghnéithe dearaidh a léiriú/a mhíniú. Na príomhthoisí a chur isteach. Na príomhghnéithe dearaidh a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile d'úsáid sceitsí saorláimhe agus teicnící cur i láthair eile araon. | 30 | | | |
| 2 | **Léiriúchán Grafaice Saorláimhe** | | | | |
| | Comhréir; Foirm/Toirt; Úsáid Toin/Líne le haghaidh rindreáil éifeachtach; Cur i láthair mionsonraithe ar phríomhghnéithe an dearaidh, líníocht 3D ar chaighdeán 'presentation' san áireamh; Leagan amach agus cur i láthair | 20 | | | |
| 3 | **Páirteanna SolidWorks, Cóimeáil, Líníocht** agus **comhaid eDrawings** | | | | |
| | **Cloí leis an struchtúr comhdaithe riachtanach** | 35 | 4 | | |
| | **3 chomhad de na Páirteanna ar a laghad a chruthú** | | 6 | | |
| | **Samhlacha Páirteanna** – Inniúlacht in CAD Paraiméadrach, barainneacht dearaidh agus cuspóir an dearaidh san áireamh; Na próifílí is oiriúnaí a roghnú; Sceitsí a shainléiriú go hiomlán; Gnéithe a ath-ainmniú; Easbhrú/coinníollacha deiridh den chineál ceart a úsáid | | 14 | | |
| | **Toisc deacrachta/Cuspóir an dearaidh** | | 3 | | |
| | **Cóimeáil** – Cruthú na cóimeála; Cruinneas na bpáirteanna d'fhonn an chóimeáil cheart a éascú; Na páirteanna a chur le chéile mar ba cheart; cuma oiriúnach a thabhairt chun críche | | 6 | | |
| | **eDrawing den tsamhail CAD** | | 2 | | |
| 4 | **Aschuir chruachóipe as SolidWorks** | | | | |
| | Clónna mionsonraithe ortagrafacha den déantán roghnaithe; Clónna de ghearrthacha/shonraí nuair is cuí; Cló pictiúrtha den Chóimeáil; Cló scartha den tsamhail CAD; Na príomhthoisí, nótaí agus siombailí a chur isteach; Scála, leagan amach agus cur i láthair cuí le breithniú | 25 | | | |
| 5 | **Fiosrú grafaice ar réitigh dhearaidh** | | | | |
| | Fiosrú ar théama/réiteach/réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann; Réiteach/réitigh a roghnaíodh a chosaint; Íomhánna/grafaicí iomchuí a úsáid; Leagan amach éifeachtach agus cur i láthair éifeachtach ar an eolas ina bhfuil híomhánna, sceitsí & nótaí | 20 | | | |
| 6 | **Mionathrú an Dearaidh/Dearadh an Choincheapa a Chur i Láthair** | | | | |
| | Comhréir; Foirm/Toirt; Úsáid Toin/Líne ar mhaithe le rindreáil éifeachtach; Cur i láthair mionsonraithe ar ghnéithe de mhionathrú nó de choincheap an dearaidh; Leagan amach agus cur i láthair | 10 | | | |
| 7 | **Aschuir chruachóipe as SolidWorks** | | | | |
| | Samhail CAD, toisc deacrachta/cuspóir an dearaidh | 20 | 7 | | |
| | Clónna mionsonraithe ortagrafacha den réiteach atá á mholadh; Clónna de ghearrthacha/shonraí nuair is cuí; Cló pictiúrtha rindreáilte den tsamhail CAD; Íomhá fhótairéalaíoch; Na príomhthoisí, nótaí, siombailí a chur isteach; Scála, leagan amach agus cur i láthair cuí le breithniú | | 13 | | |
| | | | | **Fo-iomlán** | |
| | | | | **Marcanna bainte i gcás líon leathanach is mó ná mar a cheadaítear** | |
| | | | | **Iomlán an Taisc** | |

Leathanach Bán

Leathanach Bán